# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/694 ÓN gCOIMISIÚN

**an 2 Bealtaine 2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/403 maidir le sáruithe tromchúiseacha nua ar rialacha an Aontais a bhféadfadh an t-oibreoir iompair de bhóthar dea-cháil a chailleadh dá mbarr**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 le Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) lenar cuireadh isteach sáruithe tromchúiseacha nua i ndáil leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, cabatáiste agus postú oibrithe in iompar de bhóthar le liosta na sáruithe a bhféadfaí dea-cháil a chailleadh dá mbarr mar a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009.

(2) Ina theannta sin, le Rialachán (AE) 2020/1055, tugadh isteach critéar breise a bhí le cur san áireamh ag an gCoimisiún agus é ag sainiú leibhéal tromchúise na sáruithe tromchúiseacha, tríd an tagairt don riosca chun an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh iompair de bhóthar a chur leis.

(3) Le Rialachán (AE) 2020/1055 freisin, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 chun foráil a dhéanamh, agus a shuí a mhinice a tharlaíonn sáruithe thar a measfar sraith sáruithe a bheith níos tromchúisí, gur cheart don Choimisiún líon na bhfeithiclí, seachas líon na dtiománaithe, a úsáidtear le haghaidh na ngníomhaíochtaí iompair a chur san áireamh.

(4) Le Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tugadh isteach forálacha nua maidir le sáruithe as a leanann rioscaí díobhálacha tromchúiseacha nó básanna nó saobhadh iomaíochta sa mhargadh iompair de bhóthar. Ba cheart na sáruithe sin a chur le liosta na sáruithe tromchúiseacha ar rialacha an Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) den tríú fomhír d'Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar dhea-cháil an ghnóthais iompair de bhóthar nó an bhainisteora iompair.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/403 ón gCoimisiún ([4]) a leasú chun na sáruithe nua a chur san áireamh agus aird a thabhairt ar na critéir nua d'fhonn leibhéal tromchúise agus minicíocht na sáruithe sin a shainiú.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iompar de Bhóthar.

([1]) IO L 300, 14.11.2009, lch. 51.

([2]) Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1071/2009, (CE) Uimh. 1072/2009 agus (AE) Uimh. 1024/2012 d'fhonn iad a oiriúnú d'fhorbairtí in earnáil an iompair de bhóthar (IO L 249, 31.7.2020, lch 17).

([3]) Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif (IO L 249, 31.7.2020, lch. 1).

([4]) OJ L 74, 19.3.2016, p. 8.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/403 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhalann le Rialachán (AE) 2016/403 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míreanna réamhráiteacha agus Roinn 1:

## "Sáruithe tromchúiseacha a chatagóiriú

(dá dtagraítear in Airteagal 1)

Sna táblaí seo a leanas tá catagóirí agus cineálacha sáruithe tromchúiseacha ar rialacha an Aontais maidir le hiompar tráchtála de bhóthar, arna roinnt i dtrí chatagóir thromchúise de réir mar a d'fhéadfadh na sáruithe sin bheith ina gcúis le riosca báis nó gortuithe tromchúiseacha agus/nó leis an iomaíocht sa mhargadh iompair de bhóthar a shaobhadh.

1. **Grúpaí sáruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** (*) **(Am tiomána agus scíthe)**

| Uimh. | BUNÚS DLÍ | AN CINEÁL SÁRAITHE: | | LEIBHÉAL TROMCHÚISE (1) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | MSI | VSI | SI |
| | **Criú** | | | | | |
| 1. | Airteagal 5(1) | Ní urramaítear na haoiseanna íosta do stiúrthóirí | | | | X |
| | **Tréimhsí tiomána** | | | | | |
| 2. | Airteagal 6(1) | Téann sé thar an am tiomána laethúil de 9h mura gceadaítear síneadh go 10h a chur leis sin | 10h ≤ … < 11h | | | X |
| 3. | | | 11h ≤ … | | X | |
| 4. | | Téann sé thar an am tiomána laethúil 9h faoi 50 % nó níos mó | 13h30 ≤ … | X | | |
| 5. | | Téann sé thar an am tiomána laethúil 10h má cheadaítear síneadh ama | 11h ≤ … < 12h | | | X |
| 6. | | | 12h ≤ … | | X | |
| 7. | | Téann sé thar an am tiomána laethúil 10h faoi 50 % nó níos mó | 15h ≤ … | X | | |
| 8. | Airteagal 6(2) | Téann sé thar an am tiomána seachtainiúil | 60h ≤ … < 65h | | | X |
| 9. | | | 65h ≤ … < 70h | | X | |
| 10. | | Téann sé thar an am tiomána seachtainiúil 9h faoi 25 % nó níos mó | 70h ≤ … | X | | |
| 11. | Airteagal 6(3) | Téann sé thar an am tiomána iomlán uasta i rith 2 seachtaine as a chéile | 100h ≤ … < 105h | | | X |
| 12. | | | 105h ≤ … < 112h30 | | X | |
| 13. | | Téann sé thar an am tiomána iomlán uasta i rith 2 seachtaine faoi 25 % nó níos mó | 112h30 ≤ … | X | | |
| | **Sosanna** | | | | | |
| 14. | Airteagal 7 | Téann sé thar am tiomána 4,5h gan bhriseadh sula dtógann an tiománaí sos | 5h ≤ … < 6h | | | X |
| 15. | | | 6h ≤ … | | X | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tréimhsí Scíthe** | | | | | | |
| 16. | Airteagal 8(2) | Tréimhse scíthe laethúil neamhleor is giorra ná 11h mura gceadaítear tréimhse scíthe laethúil laghdaithe | 8h30 ≤ … < 10h | | | X |
| 17. | | | … < 8h30 | | X | |
| 18. | | Tréimhse scíthe laethúil laghdaithe neamhleor is giorra ná 9h má cheadaítear laghdú | 7h ≤ … < 8h | | | X |
| 19. | | | … < 7h | | X | |
| 20. | | Tréimhse scíthe laethúil scoilte neamhleor is giorra ná 3h + 9h | 3h + [7h ≤ … < 8h] | | | X |
| 21. | | | 3h + [… < 7h] | | X | |
| 22. | Airteagal 8(5) | Tréimhse scíthe laethúil neamhleor níos lú ná 9h le haghaidh sealaíocht tiomána | 7h ≤ … < 8h | | | X |
| 23. | | | … < 7h | | X | |
| 24. | Airteagal 8(6) | Tréimhse scíthe sheachtainiúil laghdaithe neamhleor is giorra ná 24h | 20h ≤ … < 22h | | | X |
| 25. | | | … < 20h | | X | |
| 26. | | Tréimhse scíthe sheachtainiúil neamhleor is giorra ná 45h mura gceadaítear tréimhse scíthe sheachtainiúil laghdaithe | 36h ≤ … < 42h | | | X |
| 27. | | | … < 36h | | X | |
| 28. | Airteagal 8(6) | Téann sé thar 6 thréimhse 24h as a chéile i ndiaidh na tréimhse scíthe seachtainiúla roimhe sin | 3h ≤ … < 12h | | | X |
| 29. | | | 12h ≤ … | | X | |
| 30. | Airteagal 8(6b) | Níl aon sos cúitimh i leith dhá thréimhse scíthe sheachtainiúla laghdaithe as a chéile | | | X | |
| 31. | Airteagal 8(8) | Tréimhse scíthe sheachtainiúil rialta nó aon tréimhse scíthe sheachtainiúil is faide ná 45h a ghlactar i bhfeithicil | | | X | |
| 32. | Airteagal 8(8) | Ní chlúdaíonn an fostóir costais lóistín lasmuigh den fheithicil | | | | X |
| | **Maolú ar riail 12 lá** | | | | | |
| 33. | Airteagal 8(6a) | Téann sé thar 12 thréimhse 24 uair an chloig as a chéile i ndiaidh scíth sheachtainiúil rialta roimhe sin | 3h ≤ … < 12h | | | X |
| 34. | | | 12h ≤ … | | X | |
| 35. | Airteagal 8(6a), Pointe (b)(ii) | Tréimhse scíthe sheachtainiúil a ghlactar tar éis 12 thréimhse 24h as a chéile | 65h < … ≤ 67h | | | X |
| 36. | | | … ≤ 65h | | X | |
| 37. | Airteagal 8(6a), pointe (d) | Le linn na tréimhse tiomána, idir 22.00 agus 6.00, os cionn 3 uair an chloig roimh an sos, i gcás nach ndéantar sealaíocht ar thiomáint na feithicle | 3h < … < 4,5 h | | | X |
| 38. | | | 4,5 h ≤ … | | X | |
| **Eagrúchán oibre** | | | | | | |
| 39. | Airteagal 8(8a) | Ní eagraíonn an gnóthas iompair obair na dtiománaithe sa chaoi is gur féidir leis na tiománaithe filleadh ar ionad oibríochtúil an fhostóra, nó filleadh ar áit chónaithe na dtiománaithe | | | X | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 40. | Airteagal 10(1) | An nasc idir pá/íocaíocht agus an fad a taistealaíodh, luas an tseachadta agus/nó an méid earraí arna n-iompar | | X | |
| 41. | Airteagal 10(2) | Ní eagraítear obair an tiomanaí nó eagraítear go míchuí í, ní thugtar aon treoir don tiománaí ionas is gur féidir leis an dlí a chomhlíonadh nó tugtar treoracha míchuí dó | | X | |

([1]) MSI = na sáruithe is tromchúisí / VSI = sárú an-tromchúiseach / SI = sárú tromchúiseach.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle agus (CE) Uimh. 2135/98 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).”

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 2:

“2. **Grúpaí sáruithe ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** (*) **(Tacagraf)**

| Uimh. | BUNÚS DLÍ | AN CINEÁL SÁRAITHE: | LEIBHÉAL TROMCHÚISE | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | MSI | VSI | SI |
| | | **Tacagraf a shuiteáil** | | | |
| 1. | Airteagal 3(1), Airteagal (4), Airteagal (4a) agus Airteagal 22 | Níl an tacagraf cineálcheadaithe suiteáilte agus ní úsáidtear é | X | | |
| | | **Tacagraf, cárta tiománaí nó leathán taifid a úsáid** | | | |
| 2. | Airteagal 23(1) | Úsáidtear tacagraf nach ndéanann ceardlann cheadaithe cigireacht air | | X | |
| 3. | Airteagal 27 | Tá níos mó ná cárta tiomána amháin dá chuid féin ina seilbh ag an tiománaí agus/nó tá níos mó ná cárta tiomána amháin dá chuid féin á n-úsáid aige. | | X | |
| 4. | | Táthar ag tiomáint le cárta tiománaí falsaithe (*a meastar go bhfuil an tiománaí ag tiomáint gan cárta tiománaí*) | X | | |
| 5. | | Táthar ag tiomáint le cárta tiománaí nach sealbhóir an chárta sin é an tiománaí (*a meastar go bhfuil an tiománaí ag tiomáint gan cárta tiománaí*) | X | | |
| 6. | | Táthar ag tiomáint le cárta tiománaí a fuarthas ar bhonn dearbhuithe bréagacha agus/nó ar bhonn doiciméid bhrionnaithe (*a meastar go bhfuil an tiománaí ag tiomáint gan cárta tiománaí*) | X | | |
| 7. | Airteagal 32(1) | Níl an tacagraf ag feidhmiú i gceart *(e.g.: ní dhéantar cigireacht cheart air, níl sé calabraithe ná séalaithe mar is ceart)* | | X | |
| 8. | Airteagail 32(1) agus 33(1) | Ní úsáidtear an tacagraf mar is ceart *(e.g.: baintear mí-úsáid as d'aon ghnó, nó baintear mí-úsáid dheonach as nó forchuirtear an mhí-úsáid as an tacagraf, tá easpa treoracha ann maidir le húsáid cheart, etc.)* | | X | |
| 9. | Airteagal 32(3) | Tá gaireas calaoiseach san fheithicil nó baintear úsáid as gaireas calaoiseach, ar gaireas é atá in ann taifid an tacagraif a mhodhnú | X | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 10. | | Déantar sonraí arna dtaifeadadh ar na leatháin taifid nó arna stóráil agus arna n-íoslódáil ón tacagraf agus/nó ón gcárta tiománaí a fhalsú, a cheilt, a shochtadh nó a scriosadh | X | | |
| 11. | Airteagal 33(2) | Ní choinníonn an gnóthas leatháin taifid, asphriontaí ná sonraí a íoslódáladh | | X | |
| 12. | | Níl sonraí arna dtaifeadadh agus arna stóráil ar fáil go ceann bliana ar a laghad | | X | |
| 13. | Airteagal 34(1) | Baintear úsáid mhícheart as na leatháin taifid/as an gcárta tiománaí | | X | |
| 14. | | Déantar na leatháin taifid nó an cárta tiománaí a tharraingt siar gan údarás, rud a bhfuil tionchar aige ar thaifeadadh na sonraí ábhartha | | X | |
| 15. | Airteagal 34(1a) | Baintear úsáid as leathán taifid nó cárta tiománaí chun tréimhse is faide ná an tréimhse dá bhfuil sé beartaithe a chumhdach, agus caillstear na sonraí. | | X | |
| 16. | Airteagal 34(2) | Baintear úsáid as leatháin taifid nó cártaí tiománaí atá salach nó a bhfuil damáiste déanta dóibh agus níl na sonraí inléite | | X | |
| 17. | Airteagal 34(3) | Ní bhaintear úsáid as ionchur láimhe nuair is gá sin a dhéanamh | | X | |
| 18. | Airteagal 34(4) | Ní bhaintear úsáid as an leathán taifid ceart nó an cárta tiománaí ceart sa sliotán ceart (sealaíocht tiomána) | | | X |
| 19. | Airteagal 34(5) | Baintear úsáid mhícheart as sásra laisc | | X | |
| | | **Faisnéis a tháirgeadh** | | | |
| 20. | Airteagal 34(5), pointe (b)(v) | Baintear úsáid mhícheart as an gcomhartha báid farantóireachta/traenach nó ní bhaintear úsáid as | | | X |
| 21. | Airteagal 34(6) | Ní chuirtear an fhaisnéis is gá ar an leathán taifid | | X | |
| 22. | Airteagal 34(7) | Sna taifid ní thaispeántar siombailí na dtíortha ar thrasnaigh an tiománaí a dteorainneacha le linn na tréimhse oibre laethúla | | | X |
| 23. | Airteagal 34(7) | Sna taifid ní thaispeántar siombailí na dtíortha ar cuireadh tús agus deireadh le tréimhse oibre laethúil an tiománaí iontu | | | X |
| 24. | Airteagal 36 | Diúltú seiceáil a bheith déanta | | X | |
| 25. | Airteagal 36 | Níltear in ann taifid agus asphriontaí de láimh an lá sin agus an 28 lá roimhe sin a tháirgeadh (go dtí an 30 Nollaig 2024)<br>Níltear in ann taifid agus asphriontaí de láimh a tháirgeadh a rinneadh an lá sin agus an 56 lá roimhe sin (ón 31 Nollaig 2024) | | X | |
| 26. | Airteagal 36 | Ní féidir cárta tiománaí a thabhairt ar aird, má tá cárta tiománaí i seilbh an tiománaí | | X | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Mífheidhmiú** | | | | | |
| 27. | Airteagail 37(1) agus 22(1) | Níl an tacagraf deisithe ag feisteoir ceadaithe ná ceardlann cheadaithe | | X | |
| 28. | Airteagal 37(2) | Ní dhéanann an tiomanaí an fhaisnéis go léir is gá a mharcáil le haghaidh na dtréimhsí ama, ar tréimhsí iad nach bhfuiltear á dtaifeadadh a thuilleadh agus an tacagraf neamhfhóinteach nó fad a bheidh mífheidhm leis | | X | |

(*) Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).”

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 6:

“6. **Grúpaí sáruithe ar Threoir 92/6/CEE ón gComhairle** (*) **(Feistí teorannaithe luais)**

| Uimh. | BUNÚS DLÍ | AN CINEÁL SÁRAITHE: | LEIBHÉAL TROMCHÚISE | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | MSI | VSI | SI |
| 1. | Airteagail 2 agus 3 | Níl an fheiste teorannaithe luais feistithe | X | | |
| 2. | Airteagal 5 | Ní chomhlíonann an fheiste teorannaithe luais na ceanglais theicniúla is infheidhme | | X | |
| 3. | Airteagal 5 | Níl an fheiste teorannaithe luais feistithe ag ceardlann cheadaithe | | | X |
| 4. | | Tá feiste chalaoiseach san fheithicil agus/nó baintear úsáid as feiste lena bhféadfar sonraí na feiste teorannaithe luais a fhalsú nó tá feiste teorannaithe luais chalaoiseach san fheithicil agus/nó baintear úsáid aisti | X | | |

(*) Treoir 92/6/CEE ón gComhairle an 10 Feabhra 1992 maidir le feistí teorannaithe luais le haghaidh catagóirí áirithe mótarfheithiclí sa Chomhphobal a shuiteáil agus a úsáid (IO L 57, 2.3.1992, lch. 27)”.

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 10:

“10. **Grúpaí sáruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** (*) **(Rochtain ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar)**

| Uimh. | BUNÚS DLÍ | AN CINEÁL SÁRAITHE: | LEIBHÉAL TROMCHÚISE | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | MSI | VSI | SI |
| **An ceadúnas Comhphobail** | | | | | |
| 1. | Airteagail 3 agus 8(1) | Táthar ag iompar earraí gan ceadúnas bailí Comhphobail (i.e.: mura bhfuil ceadúnas ann, ceadúnas atá falsaithe, tarraingthe siar, imithe in éag, etc.) | X | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2. | Airteagal 4 | Ní féidir leis an ngnóthas tarlaithe ná leis an tiománaí ceadúnas bailí Comhphobail nó fíorchóip dheimhnithe bhailí den cheadúnas Comhphobail a thíolacadh don oifigeach cigireachta (i.e.: ceadúnas Comhphobail nó fíorchóip dheimhnithe den cheadúnas Comhphobail atá caillte, dearmadta, damáistithe, etc.) | | X | |
| **Fianú an tiománaí** | | | | | |
| 3. | Airteagail 3 agus 8(1) | Táthar ag iompar earraí gan fianú bailí tiománaí (i.e. ní ann d'fhianú an tiománaí, fianú an tiománaí atá falsaithe; tarraingthe siar, imithe in éag, etc.) | | X | |
| 4. | Airteagal 5 | Ní féidir leis an tiománaí ná leis an ngnóthas tarlaithe fianú tiománaí bailí nó fíorchóip dheimhnithe bhailí d'fhianú an tiománaí a thíolacadh don oifigeach cigireachta (i.e. fianú tiománaí nó fíorchóip dheimhnithe d'fhianú an tiománaí, atá caillte, dearmadta, damáistithe etc.) | | | X |
| **Cabatáiste** | | | | | |
| 5. | Airteagal 8(2) | Déantar oibríocht chabatáiste nach gcomhlíonann na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin atá i bhfeidhm sa Bhallstát óstach | | X | |
| 6. | Airteagal 8(2a) | Déantar oibríochtaí cabatáiste sa Bhallstát céanna laistigh de 4 lá tar éis deireadh a chur leis an oibríocht chabatáiste dhlisteanach deiridh sa Bhallstát sin | | X | |
| 7. | Airteagal 8(3) agus (4) | Toisc nach bhfuil an tarlóir in ann fianaise shoiléir a thabhairt faoin iompar idirnáisiúnta a bhí ann roimhe sin agus/nó faoi gach oibríocht chabatáiste a rinneadh as a chéile, agus/nó faoi gach oibríocht a rinneadh i gcásanna ina bhfuil an fheithicil i láthair sa Bhallstát óstach laistigh de thréimhse 4 lá roimh an iompar idirnáisiúnta, agus an fhianaise go léir faoi na cásanna sin a chur i láthair laistigh d'fhad na seiceála cois bóthair. | | X | |

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO L 300, 14.11.2009, lch. 72).'

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 11:

'11. **Grúpaí sáruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** (*) **(Rochtain ar an margadh do sheirbhísí cóiste agus bus)**

| Uimh. | BUNÚS DLÍ | AN CINEÁL SÁRAITHE: | LEIBHÉAL TROMCHÚISE | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | MSI | VSI | SI |
| **An ceadúnas Comhphobail** | | | | | |
| 1. | Airteagal 4 | Táthar ag iompar paisinéirí gan ceadúnas bailí Comhphobail a bheith ag an tiománaí (i.e.: mura bhfuil ceadúnas ann, ceadúnas atá falsaithe, tarraingthe siar, imithe in éag, etc.) | X | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2. | Airteagal 4(3) | Ní féidir leis an iompróir ná an tiománaí ceadúnas bailí Comhphobail ná fíorchóip dheimhnithe bhailí den cheadúnas Comhphobail a thíolacadh don oifigeach cigireachta (i.e. ceadúnas nó fíorchóip dheimhnithe, atá caillte, dearmadta, damáistithe etc.) | | X | |
| **Údarú le haghaidh seirbhísí rialta** | | | | | |
| 3. | Airteagail 5 agus 6 | Seirbhísí rialta gan údarú bailí (i.e.: mura bhfuil údarás ann, údarás atá falsaithe, tarraingthe siar, imithe in éag, a bhfuil mí-úsáid bainte as, etc.) | | X | |
| 4. | Airteagal 19 | Ní féidir leis an tiománaí an t-údarú a thíolacadh don oifigeach cigireachta (i.e. údarú atá caillte, dearmadta, damáistithe, etc.) | | | X |
| 5. | Airteagail 5 agus 6 | Níl stadanna sna seirbhísí sceidealta i mBallstát ag comhfhreagairt don údarú eisithe | | | X |
| **Foirm thurais le haghaidh seirbhísí ócáideacha agus seirbhísí eile atá díolmhaithe ó údarú** | | | | | |
| 6. | Airteagal 12 | Táthar ag tiomáint gan foirm thurais riachtanach (i.e. níl an fhoirm thurais ann, foirm atá falsaithe, nach bhfuil an fhaisnéis riachtanach inti, etc.) | | | X |
| **Rialacha is infheidhme maidir le hoibríochtaí cabatáiste** | | | | | |
| 7. | Airteagal 16 | Déantar oibríocht chabatáiste nach gcomhlíonann na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin atá i bhfeidhm sa Bhallstát óstach | | X | |
| 8. | Airteagal 17 | Níl na doiciméid rialaithe le haghaidh oibríochtaí cabatáiste ar bord na feithicle ná níltear in ann na doiciméid rialaithe le haghaidh oibríochtaí cabatáiste a thíolacadh arna n-iarraidh sin d'aon oifigeach cigireachta údaraithe (foirm thurais le haghaidh seirbhísí ócáideacha, ná an conradh a rinneadh idir an t-iompróir agus an t-eagraí iompair nó fíorchóip dheimhnithe díobh i gcás seirbhísí rialta speisialta) | | X | |

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88).";

(6) cuirtear isteach Airteagail 13 agus 14 seo a leanas:

"13. **Sárú ar Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** (*) **(An Róimh I) (an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha)**

| Uimh. | BUNÚS DLÍ | AN CINEÁL SÁRAITHE: | LEIBHÉAL TROMCHÚISE | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | MSI | VSI | SI |
| 1. | An Róimh I | Sárú an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha | | X | |

14. **Grúpaí sáruithe ar Threoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** (**) **(postú oibrithe in iompar de bhóthar)**

| Uimh. | BUNÚS DLÍ | AN CINEÁL SÁRAITHE: | LEIBHÉAL TROMCHÚISE | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | MSI | VSI | SI |
| 1. | Airteagal 1(11), pointe (a) | Faisnéis neamhiomlán faoin dearbhú postúcháin | | | X |
| 2. | Airteagal 1(11), pointe (a) | Mainnítear dearbhú postúcháin a chur isteach chuig an mBallstát a ndéantar an tiománaí a phostú chuige tráth nach déanaí ná tús an phostúcháin | | X | |
| 3. | Airteagal 1(11), pointe (b) | Dearbhú postúcháin falsaithe le haghaidh tiománaithe | | X | |
| 4. | Airteagal 1(11), pointe (b) | Tá sé dodhéanta ag an tiománaí dearbhú postúcháin bailí a thíolacadh | | X | |
| 5. | Airteagal 1(11), pointe (b) | Mainnítear dearbhú postúcháin bailí a chur ar fáil don tiománaí | | X | |
| 6. | Airteagal 1(11), pointe (c) | Mainnítear na doiciméid a iarradh a chur faoi bhráid an Bhallstáit óstaigh laistigh d'ocht seachtaine ó dháta na hiarrata | | X | |
| 7. | Airteagal 1(12) | Mainníonn an t-oibreoir na dearbhuithe postúcháin a choinneáil cothrom le dáta sa chomhéadan poiblí atá nasctha le IMI | | | X |

(*) Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (IO L 177, 4.7.2008, lch. 6)."

(**) Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 49)

*IARSCRÍBHINN II*

*"IARSCRÍBHINN II*

**A mhinice a tharlaíonn sáruithe tromchúiseacha**

1. Maidir leis na sáruithe tromchúiseacha (SI) agus an-tromchúiseach (VSI) a liostaítear in Iarscríbhinn I, nuair a dhéantar iad arís agus arís eile, measfaidh údarás inniúil Ballstáit bunaíochta iad a bheith níos tromchúisí. Agus minicíocht sáruithe a dhéantar arís agus arís eile á ríomh, cuirfidh na Ballstáit na fachtóirí seo a leanas san áireamh:

   (a) tromchúis an tsáraithe (SI nó VSI);

   (b) an t-am (atráth bliana amháin ar a laghad ó dháta rialaithe);

   (c) an líon feithiclí arna n-úsáid le haghaidh na ngníomhaíochtaí iompair arna mbainistiú ag an mbainisteoir iompair (meán in aghaidh na bliana)

2. Agus á chur san áireamh go bhféadfaí riosca a bheith leis an tsábháilteacht ar bhóithre, déanfar minicíocht uasta na sáruithe tromchúiseacha, ar dá réir ba cheart iad a mheas ina sáruithe níos tromchúisí, a shuí mar seo a leanas:

   3 SI/in aghaidh na feithicle/in aghaidh na bliana = 1 VSI

   3 VSI/in aghaidh na feithicle/in aghaidh na bliana = nós imeachta náisiúnta maidir le dea-cháil a sheoladh

3. Is é atá sa líon sáruithe in aghaidh na feithicle gach bliain meánfhigiúr arna ríomh trí líon iomlán na sáruithe go léir ar an leibhéal céanna tromchúise (SI nó VSI) a roinnt ar mheánlíon na bhfeithiclí a úsáideadh le linn na bliana. Leagtar amach leis an bhfoirmle mhinicíochta tairseach uasta le haghaidh sáruithe tromchúiseacha a bheith á ndéanamh ar dá réir ba cheart iad a mheas ina sáruithe níos tromchúisí. Is féidir leis na Ballstáit tairseacha níos déine a leagan amach ina nósanna imeachta riaracháin féin chun an dea-cháil a mheasúnú.'